Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2016
(OR. fr)

10792/16

Comhad Idirinstitiúideach:
2013/0297 (COD)

CODEC 994
STATIS 48
TRANS 275

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidhRialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 maidir le staidreamh i ndáil le hiompar d'iarnród, i dtaca le sonraí faoi earraí, faoi phaisinéirí agus faoi thionóiscí a bhailiú **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh sheasamh na Comhairlear an gcéad léamh agusglacadh an ráitis faoi chúiseanna na Comhairle |

1. Ar an 30 Lúnasa 2013, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 338 (1) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh ar an 11 Márta 2014 [2].

3. Ag an 3479ú seisiún dá cuid ar an 27 Meitheamh 2016, tháinig an Chomhairle um Thalmhaíocht agus um Iascach ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán thuasluaite[3].

[1] 13423/13.
[2] 7421/14.
[3] I gcomhréir leis an litir dar dáta an 15 Meitheamh 2016, ó Uachtarán an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht de Pharlaimint na hEorpa chuig Uachtarán Coreper, ba chóir do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas gan aon leasú a dhéanamh air.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfaidh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 10000/16 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 10000/16 ADD 1 a ghlacadh mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.